# Ceisteanna/Spreagthaigh don mhachnamh

## Obair Ghrúpa

Cén ról a bhí agat san obair ghrúpa?

Nuair a bhíonn ról ar leith agat, an gcabhraíonn sé leat foghlaim?

Céard a thaitin leat faoin gcaoi ar chuir tú le hobair an ghrúpa?

Céard a d’fhoghlaim tú ó bheith ag obair i ngrúpa?

## Féinriar

Conas a d’éirigh leat cur le do chumas cumarsáide san aonad foghlama seo? Conas atá a fhios agat?

Ar sháraigh tú aon dúshlán san aonad foghlama seo? Conas?

Cén aidhm(eanna) foghlama pearsanta a bhí agat san aonad foghlama seo?

Léirigh cén chaoi ar éirigh leat aidhm foghlama ar leith a bhaint amach.

## Aistear foghlama pearsanta

Tabhair sampla den dul chun cinn atá déanta agat.

Cad is féidir leat a dhéanamh chun feabhas a chur ar an gcéad iarracht eile?

Céard/Cé a chuideodh leat san iarracht sin?

Cad atá foghlamtha agat faoi do stíl phearsanta foghlama féin?

Céard iad na straitéisí foghlama ar leith a thaitníonn leat agus a chabhraíonn leat foghlaim?

## Feasacht

Cén léargas atá faighte agat ar chultúr/thraidisiúin na Gaeilge?

Cén tuiscint nua a d’fhorbair tú faoi struchtúir na Gaeilge (m.sh. patrúin teanga mar chomhréir, bhriathra, ainmfhocail srl.)?

Déan cur síos ar na Príomhscileanna (scileanna teicneolaíochta san áireamh) a d’fhorbair tú san aonad seo.

Cad iad na cosúlachtaí agus difríochtaí a aithníonn tú idir an Ghaeilge agus teanga ar bith eile?

*Ní liosta uileghabhálach é seo. Is moltaí iad na ceisteanna/spreagthaigh seo chun tacú le foghlaim an scoláire.*

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

Ceol na teanga